Teaghlaigh Glór

Nuachtlitir Teaghlaigh

26 Meitheamh 2020

Imeachtaí Ghlór na nGael ar líne don samhradh

Tá sé i gceist ag Glór na nGael na himeachtaí a mbíonn á gcraoladh againn ar líne a theorannú don samhradh.

Tá deireadh curtha le tráth na gceist go dtí an fómhar.

Tá sé i gceist go mbeidh biongó beo againn ag tús mí Iúil agus ceann eile ag tús mí Lúnasa.

Beidh an dá ócáid sin ar 8 Iúil agus 5 Lúnasa faoi seach ag 19:00.

Ba mhaith le Glór na nGael buíochas a ghabháil leo siúd a ghlac páirt sna himeachtaí go dtí seo.

Bhí an chraic againne á léiriú agus b'ábhar bróid dúinn an t-aiseolas dearfach a fuaireamar ó na teaghlaigh.

Ar ndóigh ní tráth na gceist agus biongó amháin a bhí idir lámha againn agus leanfar leis na soláthairtí eile.

Beidh físeáin cheardaíochta, aclaíochta agus scéalaíochta á gcraoladh againn ar Facebook i rith an ama.

Táimid ag dúil leis na himeachtaí a chraoladh.

Cuireann Glór na nGael fáilte roimh aiseolas ag teaghlaigh@glornangael.ie.

Biongó Beo

Socruithe don Samhradh

Dé Céadaoin 8 Iúil @19:00

Dé Céadaoin 5 Lúnasa @19:00

Breis agus €100 de dhuaiseanna le buachaint gach oíche!

Coinnnígí súil ar Facebook Ghlór na nGael le clárú.

Is tríd an chóras Zoom a dhéantar é agus craoltar ar leatha-nach facebook Ghlór na nGael é!

CLÁR NA NUACHTLITREACH

❷ Cairdeas agus Seannathanna

❸ Laochra spóirt Rena Bucley

❺ Scéal Gairid le Liam de Lása

❻ Leabhair do Dhéagóirí

❼ Rannóg na nÓg le hÁinín Uí Chasaide

Teanga Tí

SEANFHOCAIL NA SEACHTAINE

CAIRDEAS

An áit a bhfuil do chroí is ann a thabharfas do chosa thú

Bíonn fáilte ‘s fiche roimh chuireadh gan iarraidh

Ní buan cogadh na gcarad; má bhíonn sé crua, ní bhíonn sé fada

Giorraíonn beirt bóthar

Is í an eorna nua tú a fheiceáil

Fonn cátha agus goil chun báire

Rena Buckley, Laoch Spóirt le Liam de Lása

Chaitheas deireadh seachtaine le déanaí ag cuardach na cartlainne ar sheinnteoir TG4.

Bhí meascán d'ábhair shaibhre fhiúntacha fé cheilt in áiteanna ar an suíomh arbh fhiú go mór féachaint orthu.

Tháinig mé ar bhailiúchán de agallaimh a taifeadadh siar sna 70í leis an bpobal deireanach a mhair ar Oileáin an Bhlascaoid Mhóir atá suite cúpla míle siar ó Dhún Chaoin i leithinis Chorca Dhuibhne.

Bhíos searaithe amach ar mo shástacht ar an tolg ag éisteacht le daoine ar leith ag eachtraí dom faoin saol mar a bhíodh sé i gceann dos na háiteanna is áille ar domhan.

Tugadh cur síos maoithneach dúinn ar lá a tréigeadh an oileán sa bhlian 1953. D'fhágadar slán le saol agus le cultúr nach gcífí go deo arís.

Meabhraíodh dom, nach bhfuil aon dul siar ar an saol seo. Casann agus casfaidh an roth go deimhin.

Bhíos díreach tosnaithe ar scéal Rena Buckley a riaradh an mhaidin dár gcionn nuair a rith sé liom gur dóichí ná a mhalairt nach mbeidh a leithéid d'imreoir spóirt ar thalamh na hÉireann againn riamh arís ach an oiread.

Tugadh Rena isteach ar phainéal sinsir Chorcaí sa bhiain 2003 tráth ina raibh oidhreacht láidir camógaíochta amháin sa chontae ag síneadh siar 69 bliain nuair a thugadar Corn Uí Dúbhthaigh leo den chéad uair.

Tháinig borradh as cuimse i bPeil na mBan ar fud na tíre idir an dá linn ach ba iad na reibiliúnaithe ba mhó a d'fhág a rian ar na leabhair staire gan oiread is craobh amháin buaite acu go dtí 2005.

Seasann Buckley agus a comrádaí dílis Briege Corkery ar barr shléibh na ngradam le 18 bonn uile-Éireann an duine acu ó shin. Bhuaigh sí 11 bonn leis an gcamán agus 7 bonn sa pheil le linn thréimhse stairiúil do spórt na mBan cois Laoi ó 2004 agus 2017.

Is í an t-aon imreoir CLG a bhuaigh an chraobh sa dá chód mar chaptaen gan aon chuma ar an scéal go sárófar an t-éacht sa todhcaí.

Dá mbainfeadh a leithéid amach i bhfad siar sna blianta, bheimis ag caint ar fós cinnte, ach d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go raibh saol an imreora ní ba bhoige roimh chasadh na mílaoise mar shampla.

Glacadh le rud amháin gan aon mhór-argóint ón tréimhse san ar aghaidh,

Ar lean ar leathanach 4

Fonn cátha agus goil chun báire

nárbh fhéidir cúramaí an dá spóirt a shásamh anuas ar nósanna maireachtála a bhí a éirí níos broidiúla ná riamh.

Níor thug Rena Buckley aon cheann don díospóireacht san agus chreid sí riamh bhféadfaí an dá gheansaí a chaitheamh ach fonn a bheith go heireaball ionat.

Níos tábhachtaí ná riamh

Do shíolraigh chuid mhór den díospóireacht faoi stádas na mban ar an bpáirc imeartha ó ghaiscí ceannródaíochta Buckley idir na línte bána. Aithníodh agus aithnítear fós na dúshláin dhamanta a bhaineann le cailíní óga a choimeád ag imirt.

D'éagmais laochra ar nós Rena Buckley, a thugann fís agus misneach do mhná óga chaillfí na cathanna luachmhara i scoileanna agus páirceanna ar fud na tíre.

Nuair a chuala ar dtús go raibh Rena tar éis éirí as an imirt eadar -chontae i 2017, bhraitheas nach gcífimis a macasamhail arís. Amhail mhuintir deireanaigh an Bhlascaoid ag imeacht fé dhéin na míntíre uair amháin eile, bhí deireadh tagtha le ré nach mbeidh againn go deo.

Caolseans gur thuig an pobal croíbhriste úd an lorg a d'fhágaidís ar an saol a bhí le teacht.

Beidh tionchar cumhachtach ag Rena Buckley ar mhná óga na hÉireann i bhfad ina diaidh di na buataisí a chrochadh in airde chomh maith ach ná bímis ag súil go gcífimis a leithéad arís.

Cuardach Focal

H	I	I	P	E	C	C	L	U	I	C	H	E	I
B	L	M	N	U	H	D	I	A	F	S	A	C	M
O	S	R	S	R	T	A	N	E	H	P	E	I	S
A	R	E	I	O	R	I	A	T	A	L	A	M	H
R	A	O	N	T	K	H	A	B	E	B	E	A	N
C	I	I	I	H	L	D	Y	E	L	K	C	U	B
H	T	R	H	R	S	U	I	T	E	O	E	N	A
A	H	O	T	S	B	I	S	E	A	S	A	N	N
T	R	E	I	B	O	R	R	A	D	H	B	M	B
I	A	B	E	T	I	O	N	C	H	A	R	O	A
I	O	R	L	Y	O	P	O	B	A	L	C	C	R
R	I	O	E	T	N	N	I	E	S	A	H	S	R
N	O	S	T	A	I	R	N	N	N	O	B	O	N
C	H	C	A	E	N	H	T	I	O	A	M	C	B

LEITHINIS
TIONCHAR
BUCKLEY
SUITE
BEAN
SRAITH
MAOITHNEACH
TALAMH
POBAL
SEASANN
CLUICHE
BARR
STAIR
BORRADH
BONN
CRAOBH
ROTH
IMREOIR
CASFAIDH
SEINNTEOIR

Play this puzzle online at : https://thewordsearch.com/puzzle/1272080/

Má bhuaileann tú mo mhadra

Scéal gairid le Liam de Lása

Rugadh agus tógadh Liam atá 10 mbliana d'aois anois ar oileán Uí Mháirtín. Oileán álainn ab ea é suite cúpla míle siar ó chósta Phort Láirge.

Thagadh na mílte cuairteoirí le linn an tsamhraidh agus bhíodar ar fad fé gheasa ag draíocht an oileáin bhig.

Mhair sé gan smál ó láimh an chine dhaonna agus ba ea an nádúr féin a rialaigh an áit. Nuair a bhí an aimsir trócaireach orthu ba gheall le bheith ar Neamh a bheith ina chónaí ann.

Ní raibh mórán comhluadair aige ar ndóigh ach b'in an t-aon tuiscint a bhí aige ar an saol. Ba dheacair san i lár an gheimhridh mar bhíodh sé fiáin ó am go ham.

Bhí cara dílis amháin aige áfach. Tháinig Sam an madra chun cónaithe leo sa tigh nuair nach raibh sé ach ag lámhacán timpeall an tí. Ba choileán é Sam ag an uair sin agus b'amhlaidh gur fhás an bheirt charad aníos le cois a chéile ó shin.

Lá séimh, neamhlonrach amháin, bhí Liam ag tiargáil le dul ar ais ar scoil agus theastaigh lá fén dtor eile aige amuigh faoin aer sula dtiocfadh deireadh leis an samhradh.

Shín a theach amach ag féachaint anuas go húdarásach ar an trá fhada mar a thugtaí air. D'oscail sé na cuirtíní ar an maidin úd agus thug sé faoi deara naomhóg bheag bhídeach ag snámh ar a suaimhneas ar bharr na farraige.

Ní raibh ach mian amháin ina chroí ón lá a saolaíodh é, is é sin chun go gcaithfeadh sé a shaol ar an bhfarraige.

Thug sé fogha síos an staighre ar an toirt, gach dara coiscéim aige

ag bualadh na gcéimeanna go dtí an bun.

“Cá bhfuil do thriail inniu?” a d'fhiafraigh a mháthair dó nuair a d'aithin sí an fuadar faoina chosa. “Síos go dtí an trá” a d'fhreagair sé go deiliúsach, “teastaíonn uaim na hiascairí a fheiscint ag teacht i dtír níos déanaí ar maidin”.

Ní mar sin a bhí i gceist aige an lá a chaitheamh ar ndóigh. Chomh luath is a bhí a bholg lán aige, d'fhág sé slán lena mháthair agus dhein sé a shlí síos i dtreo na trá.

Bhí gach pocléim aige an chonair síos trí na sceacha fiáine ar an dá thaobh go dtí gur bhain sé béal na trá báine amach. Bhí an trá thar a bheith ciúin agus bhí cuma shocair ar an bhfarraige.

Cé go raibh Liam an-óg fós, bhí sé an-eolach ar chúrsaí farraige. Chloisfeadh sé a sheanmhuintir ach go háirithe ag insint scéalta faoin uisce. Bhí cuid acu scanraithe roimh an bhfarraige agus bhídís de shíor ag seanmóireacht faoin gcontúirt a bhain léi.

Mhair na rabhaidh ar chúl a chinn ach, fuair an fhiosracht an ceann is fearr air an uair seo. Chrom sé síos d’fhonn is a chorp a chur i bhfolach agus chuaigh sé sall go dtí an naomhóg a bhí sé ag féachaint uirthi níos luaithe an mhaidin sin.

“Cén dochar dá suífinn isteach ann?” a dúirt sé leis féin.

Shín sé a dhá láimh amach, rug sé ar bharr na naomhóige agus bhrúigh sé a chorp aníos go dtí nach raibh a chosa ar an talamh a thuilleadh. D'éirigh leis a chos dheas a chur ar chlaspa miotail agus a chorp a thógaint anuas ar an imeall.

Díreach agus é ag ardú a chos chlé le léim isteach sa bhád, chuaigh a chos i bhfostú i strapa rópa a bhí ar liobarna anuas ar an taobh.

Chas sé a rúitín agus tarraingíodh anuas é ar thaobh an bháid.

Bhuail a chos an t-uisce síos fé bhun an bháid agus thit sé isteach i lochán uisce ag bualadh na cloiche lena láimh ar an mbealach anuas.

Chuaigh an phian go dtí a chroí agus bhí sé greamaithe fós leis an rópa gan aon dul aige é féin a scaoileadh saor.

Chuala sé glug glag an uisce taobh thiar dó agus torann na lapaí ag cur tonnta san aer leis. Léim Sam isteach ar a chos cheangailte agus thug sé stracadh mór téagartha don rópa.

Scaoil sé an rópa agus tharraing sé ar bhás agus ar dhícheall amach as an uisce é. D'aithin Liam an grá agus an gean i súile a charad. Rug sé barróg mhór ghroí isteach air agus ghabh sé buíochas leis.

Nuair a chaitear go maith leis an gcara is dílse dá bhfuil againn caithfidh an madra go maith linne.

Tá grá gan choinníoll acu dúinn agus ní mór dúinn an grá céanna a thaispeáint dóibh i gcónaí. Ní thréigfidh an madra sinn go brách.

Leabhair do Dhéagóirí



Tír na Deo

Le J.M. Barrie & Máiréad Ní Ghráda

Is atheagrán de leagan cáiliúil Mháiréad Ní Ghráda de Peter Pan. Ba sa bhliain 1938 a chéadfhoilsigh an Gúm *Tír na Deo*. Ní aistriúchán díreach ar cheann ar bith de na heagráin Bhéarla de Peter Pan a bhí sa saothar, ach athinsint Ghaeilge ar an scéal ó pheann Mháiréad Ní Ghráda.

Éalaigh leat, a léitheoir, agus téigh chun cónaithe i measc na sióg i *dTír na Deo*. Is ann atá Peadairín Pan – ní rachaidh aon lá aoise air siúd ann go deo na ndeor, ná ortsa agus é i do theannta.

ISBN 9781857919455 • 240 lch • €8.00 • Bog



Gluaiseacht

Le Alan Titley

Is scéal cosrach cumhachtach é seo á insint sa chéad phearsa. Scéal ógánaigh a thosaíonn i ndúiche atá faoi bhagairt cogaidh san Afraic agus a chríochnaíonn ar shráideanna dofháilteacha thuaisceart na hEorpa.

IS scéal a bhfuil an t-uafás agus an daonnacht raobh le taobh ann agus a théann go croí cheist na hinimirce nua-aimseartha.

Tá an t-úrscéal seo i measc na leabhar atá molta do dhaltaí atá ag gabháil do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Is féidir éisteacht leis an scéal á léamh ag an údar ach cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin www.angum.ie agus cliceáil ar an nasc cuí www.angum.ie/iarbhunscoil

Moltar na comhaid MP3 a íoslódáil chun go mbeidh teacht go saoráideach orthu.

9781857917550 €7.50 Bog

Lig do Scíth 7

Teanga Tí

Folcadán Fearthainne

1

Suigh síos, coinnigh do dhroim díreach agus glac do shuaimhneas. Tarraing isteach trí anáil dhomhain aireach. An bhfuil do cheann lán le smaointí? Cad iad?

2

Samhlaigh gur dusta ar do chraiceann iad na smaointí sin. Anois samhlaigh go bhfuil tú ag siúl taobh amuigh.
Tá sé ag cur fearthainne go héadrom. Tá an fhearthainn sin ag glanadh do chraicinn.

3

Tagann an ghrian amach agus triomaíonn sé do chraiceann agus do chuid éadaigh.
Tá tú saor ó na smaointí sin anois.
Tarraing isteach trí anáil dhomhain aireach, agus oscail do shúile.

Glór na nGael
Déan teagmháil linn:
ainin@glornangael.ie

Spás

Teanga Tí





Trasna

3. éiríonn an ghrian san...
4. an t-am a thógann sé ar an domhan taisteal thart faoin ghrian
6. bíonn an domhan ag rothlú ar an
7. an plainéad is mó
8. an plainéad dearg
9. an plainéad is congaraí don ghrian

Sios

1. tógann sé 28 lá dó taisteal thart faoin domhan
2. plainéad gorm le huisce
5. an 8ú plainéad ón ghrian
7. téann an ghrian faoi san...